2023/2896

22.12.2023

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2896 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le comhar táirgeoirí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 173(1), pointe (i), agus Airteagal 223(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le hAirteagal 164 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialacha eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe a leathnú chun oibreoirí eile atá ag gníomhú sa limistéar eacnamaíoch céanna nó sna limistéir eacnamaíocha chéanna nach cuid den eagraíocht ná den chomhlachas iad a chumhdach. Déantar foráil san Airteagal sin maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon chinneadh a dhéantar i ndáil le leathnuithe den sórt sin gan módúlachtaí ná amlínte breise a shonrú ina leith sin.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha lena soiléirítear, i measc nithe eile, raon feidhme agus amlínte na bhfógraí a thugann na Ballstáit don Choimisiún faoi ghnéithe éagsúla a bhaineann le comhar táirgeoirí, lena n-áirítear na gnéithe sin a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart cinntí na mBallstát maidir le leathnú rialacha a liostú i measc na sonraí a bhfuil fógra le tabhairt fúthu uair sa bhliain de bhun Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232. Tá an simpliú sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' ([3]).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232, cuirtear an mhír 2a seo a leanas leis:

'2a. Faoin 31 Márta gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin bhfaisnéis seo a leanas, ar faisnéis í a bhaineann leis na cinntí maidir le leathnú rialacha a rinneadh le linn na bliana roimhe sin de bhun Airteagal 164 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013: teideal gach cinnidh, an earnáil lena mbaineann, dáta glactha an chinnidh, tréimhse chur i bhfeidhm an leathnaithe, tagairtí an fhoilseacháin oifigiúil agus, i gcás inarb infheidhme, aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainní (URL) an chinnidh.'.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí (IO L 44, 19.2.2016, lch. 1).
([3]) COM(2023) 168 final.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN